

Bileog 10.1a agus Bileog 10.1b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 10.1a** ar gach duine.
- *An preas – Stór focal*: Abair le gach beirt na focail sna boscaí a léamh le chéile agus cur leis an liosta más féidir. Nuair atá tamall caite acu á léamh téigh thusa siar ar na focail ar fad.
- *An preas – Plé*: Iarr ar gach beirt ransú intinne a dhéanamh ar na hirísí agus ar na nuachtáin atá ar fáil i nGaeilge.
- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar agus tabhair tamall dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte agus ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.
- Scaip **Bileog 10.1b** ar gach beirt agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le mír nuachta.
- *An preas – Réamhobair éisteachta*: Abair le gach beirt a bhfuil ar eolas acu faoin triúr fear a bhreacadh síos.

Freagraí:

Myles na gCopaleen: Brian Ó Nualláin. (1911 - 1966). Rugadh i gContae Thír Eoghain é. Ba úrscéalaí Gaeilge agus aorthóir é. Ba iad na leabhair ba mhó cáil a scríobh sé ná *An Béal Bocht*, *At Swim-Two-Birds* agus *The Third Policeman* a scríobhadh faoin ainm cleite **Flann O' Brien**. Ba cholúnaí é san *Irish Times*.

Máirtín Ó Cadhain: Rugadh Máirtín Ó Cadhain i gConamara sa bhliain 1906. Is é an t-úrscéal *Cré na Cille* a shaothar is cáiliúla. Bhí sé ina mhúinteoir bunscoile ag tús a shaoil agus cuireadh i bpríosún é as baint a bheith aige leis an IRA le linn an dara cogadh domhanda. Bhí sé ina léachtóir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chomh maith. Fuair sé bás sa bhliain 1970.

Breandán Ó hEithir: Rugadh é ar an 18 Eanáir 1930 i mBóthar na Trá, Gaillimh. Is in Inis Mór ar Oileáin Árann a tógadh é. Scríobh sé do *Comhar*, *Sunday Press*, *Irish Press* agus *Evening Press* agus don *Irish Times*. Bhí saol craoltóireachta ag Breandán le Raidió Éireann chomh maith leis na cláir *Ar Fud na Tíre* agus *Aeriris*.

- *An preas – Éisteacht*: Abair le gach duine na ceisteanna (a) – (c) a dhéanamh ina n-aonar ar dtús agus iad a phlé leis an duine in aice leo nuair atá siad críochnaithe.

Freagraí:

- Tá ceiliúradh 150 bliain an *Irish Times* ar siúl faoi láthair agus tá suntas faoi leith tugtha don cholún Gaeilge.
- Féach an script a ghabhann leis an topaic seo.
- An intreoir** – Cúpla líne ag an tús a thugann le fios cad a bheas ar siúl sa mhír. An chéad chúpla líne de chuid Eimear Ní Chonaola a insíonn ábhar na míre dúinn.

Forbairt an scéil – Seo an tuairisc féin a chuireann tuairisceoir i láthair dúinn de ghnáth ó áit / shuíomh an scéil. Mar shampla, Irene Ní Nualláin ag forbairt a raibh le rá ag Eimear Ní Chonaola ag tús na míre. Tugtar tuilleadh eolais anseo agus freagraítear na ceisteanna - Cé? Cén áit? Conas? Cén uair? Cén fáth?

Píosaí cainte agus pictiúir – Bíonn cainteoirí eile ann chun cur leis an scéal agus pictiúir eile. Mar shampla, Deaglán de Bréadún agus Regina Uí Chollatáin ag caint sa mhír seo agus seanphictiúir ón *Irish Times*.

An chonclúid – Déanann an tuairisceoir achoimre ar an mhír i gcúpla líne ag deireadh na míre, mar a dhéanann Irene Ní Nualláin sa chás seo.

- *An preas – Teanga*: Iarr ar gach beirt na pointí gramadaí ón chéad dá líne sa script a phlé le chéile.

Freagraí:

- **'céad caoga bliain'** – Fághtar an t-ainmfhocal atá á chomhaireamh (ó 20 ar aghaidh) san uimhir uatha, tuiseal ainmneach.
- **'colúnaí/colúnaithe'** – freastalaí/freastalaithe, tógálaí/tógálaithe, tiománaí /tiománaithe, náisiúnaí/náisiúnaithe, scéalaí/scéalaithe.
- **'mar Myles na gCopaleen'** – is focal Béarla é *Myles* agus mar sin ní chuirtear na rialacha Gaeilge i bhfeidhm.
- **'tugtha'** – an aidiacht bhriathartha atá ann: déanta/bainte/molta/ceannaithe/léite/faighte.
- *Cleachtadh Breise:* Bíodh cóip den *Irish Times* agus an *Irish Independent* agat le scaipeadh ar an rang.
- Roinn an rang i ngrúpaí - má tá ochtar sa rang, roinn an rang i ngrúpaí de bheirt agus tabhair cóip amháin de na páipéir thuas do gach grúpa. Má tá 12 sa rang, roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus tabhair cóip amháin de na páipéir thuas do gach grúpa, agus mar sin de.
- Caithfidh gach grúpa cur síos a dhéanamh do na grúpaí eile ar an pháipéar atá acu féin. Caithfidh siad na pointí diúltacha agus dearfacha faoin pháipéar atá acu a bhreacadh síos.
- Pléigh na pointí leis an rang ar fad.

Bileog 10.2a agus Bileog 10.2b

- Cuir gach beirt le chéile agus scaip **Bileoga 10.2a** orthu.
- *An preas – Ceannlínte:* Míngheir don rang go gcaithfidh siad féachaint ar na ceannlínte agus scéalta a chumadh le chéile a d'oirfeadh do na ceannlínte. Seo thíos na scéalta iomlána duit féin. Ní gá na scéalta seo a thabhairt don rang, is é atá i gceist ná go mbeidh tú féin in ann a rá cad a bhí iontu. Glactar leis go mbeidh seo as dáta i gceann tamaill ach d'fhéadfaí an ghníomhaíocht a chur in oiriúint do scéalta nuachta atá i mbéal an phobail ag an am atá an rang ar siúl.

1. Líon na bpost nua sa státseirbhís i 2014 – 589...líon na bpost sin le riachtanas Gaeilge – 0

De réir iniúchta atá déanta ag Tuairisc.ie, ní raibh inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas le hoidread is post amháin a fógraíodh sa Státseirbhís le linn na bliana seo caite. Maitiú Ó Coimín. 11/6/15

Ní raibh inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas d'aon phost i measc na 589 post a líonadh i ranna Rialtais le linn na bliana 2014.

De réir eolais nua atá carnaithe ag Tuairisc.ie ó gach roinn Rialtais, ní raibh oiread is post amháin ann anuraidh inar luadh inniúlacht sa Ghaeilge mar riachtanas leis.

Is é an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, atá i gceannas ar pholasaí an Stáit maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa státseirbhís, is mó a bhí i mbun earcaíochta anuraidh. Níor luadh riachtanas Gaeilge le haon cheann de na 342 folúntas sa roinn sin.

Dúirt urlabhraí ón Roinn Caitheachais Phoiblí, nach mbíonn an oiread sin teagmhála acu leis an bpobal agus gur dá bharr sin nach raibh riachtanas Gaeilge luaite le haon cheann den 342 post a líonadh anuraidh.

Dúradh go n-aithnítear nuair a theastaíonn scileanna ar leith ó fhostaithe na roinne agus go rithear comórtas le dul i ngleic leis an riachtanas sin nuair is gá. Tugadh le fios go bhfuil roinnt daoine sa Roinn Caiteachais Phoiblí atá sásta cúnaimh a thabhairt dá gcomhghleacaithe leis an nGaeilge nó le haistriúcháin Ghaeilge.

Ba iad an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Roinn Sláinte an t-aon dá roinn Rialtais a luaigh go gcuirtear deiseanna ar fáil d'oifigigh cur lena gcuid Gaeilge. Dúirt urlabhraí na Roinne Sláinte go bhfuil sé i gceist acu seirbhísí oiliúna Gaeilge Ghaelchultúir a úsáid chun feabhas a chur ar Ghaeilge.

Chuir ranna éagsúla eile in iúl go raibh cumas éigin teanga ag roinnt bheag fostaithe cheana féin agus go raibh cuid de na fostaithe nua a earcaíodh le linn na bliana seo caite "compordach" le caighdeán a gcuid Gaeilge.

Dúirt urlabhraí na Roinne Oideachais le Tuairisc.ie go bhfuil an Roinn sin in ann na seirbhísí a theastaíonn a chur ar fáil trí Ghaeilge nuair is gá.

“Ag an mbunleibhéal, cuireann an Chigireacht seirbhís cigireachta dhátheangach ar fáil do na scoileanna aitheanta go léir, scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna san áireamh.

“Ag an iar-bhunleibhéal, cuireann an Chigireacht seirbhís i gcigireacht na Gaeilge ar fáil agus cuireann sí seirbhís trí Ghaeilge ar fáil do na scoileanna Gaeltachta go léir agus do na Gaelscoileanna,” a dúirt an t-urlabhraí.

Cé nár thug duine ar bith a earcaíodh i Roinn an Taoisigh anuraidh le fios go raibh inniúlacht sa Ghaeilge acu, dúirt urlabhraí na Roinne sin go bhfuil beirt oifigeach acu “a bhfuil ardleibhéal inniúlachta [acu] chun seirbhísí a sholáthar don phobal i nGaeilge” agus gur leor sin.

Earcaíodh 17 duine sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcaitheamh na bliana 2014 agus cé nach raibh riachtanas Gaeilge luaithe le oiread agus post amháin acu sin, thug an roinn sin le fios do Tuairisc.ie go bhfuil folúntas ann i láthair na huair a bhfuil riachtanas Gaeilge luaithe leis. Is post ag leibhéal Oifigeach Feidhmiúcháin a bheidh lonnaithe i Rannóg na nGnóthaí Corparáideacha in oifigí na Roinne i bPort Laoise atá i gceist.

Tuairiscíodh ar an suíomh seo níos luaithe i mbliana go bhfuil plean an Rialtais chun cur le líon na státseirbhíseach ar féidir leo seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge in aimhréidh agus ochtar Airí Rialtais ag maíomh an uair sin nach raibh aon phost ar leith ina ranna a dteastaíonn duine le Gaeilge dó.

Bhain conspóid mhór le fógra na Roinne Gaeltachta i 2013 go raibh córas nua bunaithe ar phainéal earcaíochta le teacht in áit chóras na marcanna bónais don Ghaeilge sa státseirbhís.

Bhí easpa dul chun cinn maidir le hearcú státseirbhíseach le Gaeilge i measc na gcúiseanna le héirí as an Iar-Choimisinéara Teanga, Seán Ó Cuirreáin anuraidh.

Dúirt an tIar-Choimisinéir nach n-oibreodh an córas nua agus “fiú dá gcuirfí i bhfeidhm ar an mbealach is dearfaí é” go dtógfadh sé ar a laghad 28 bliain líon na ndaoine le Gaeilge i measc an 30,000 státseirbhíseach sa státchóras a dhúbailt ó 1.5% go 3%.

Thug an tIar-Aire Gaeltachta, Dinny McGinley le fios do Tuairisc.ie ag tús na bliana seo go raibh sé “an-mhíshásta” leis an easpa dul chun cinn a bhí á dhéanamh maidir le feidhm a thabhairt don phlean, ar thacaigh sé féin leis mar Aire Gaeltachta, chun cur le líon na ndaoine sa státchóras atá ábalta a ngó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Dúirt an tIar-Aire Gaeltachta gur léir go rabhthas ag “tarraingt na gcos” maidir leis an gcóras nua a thug sé féin isteach in áit chóras na marcanna bónais don Ghaeilge sa státseirbhís.

2. Gaeilge phidsin na hArdteiste: buille maraithe na litríochta agus anam na teanga

Tá an cur chuige maidir le Gaeilge na hArdteiste diúltach agus tá an bonn atá faoi bréagach, a deir ár gcolúnaí, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar pháipéir Bhéarla agus Ghaeilge na bliana seo. Máire Ní Fhinneadha 11/6/15

(An Roinn Oideachais: Is í aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar gach gné den duine aonair, forbairt a chuimsíonn forás aeistéitiúil, cruthaitheach, léirmheastach, cultúrtha, mothúcháin, tromchiallach, intleachtúil, morálta, fisiceach, polaitiúil, spioradálta agus sóisialta, le haghaidh a shaoil phearsanta agus baile, le haghaidh an tsaoil oibre agus le haghaidh maireachtála i measc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire).

Ag leathbhreathnú ar an Nuacht dom le gairid, chuala mé daltaí Ardteiste Béarla ag tuairimíocht faoin bhfile a bheadh ar an bpáipéar lá arna mhárach – Montague, Ní Chuilleanáin, Frost, srl. Mheabhraigh sé dom nach mbeadh na daltaí céanna ná a gcomhdhaltaí as an nGaeltacht ag caint go deo arís ar shaothar fhilí na Gaeilge mar chorpas arbh fhiú pléisiúr a bhaint as agus anailís a dhéanamh air. An sceanairt deiridh a rinneadh ar chúrsa na hArdteiste ar mhaithe le staitisticí torthaí scrúduithe agus mar fholach ar an náire i múineadh na Gaeilge a d’fhág an scéal amhlaidh. Chuir sin mé ag breathnú ar scrúduithe Ardleibhéal sa Bhéarla agus sa Ghaeilge.

An chéad rud a ritheann leat gur thuig an dream a dhear an siollabas Béarla agus an scrúdú air gur daoine óga iad seo a bhfuil an teanga acu, a bhfuil spleáchadh ar mhórlitricíocht an Bhéarla tuillte acu

agus a bhfuil ar a gcumas déileáil óna dtaithí féin le téamaí móra na litríochta sin agus idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla scríbhneoireachta.

Thuig an dream a dhear an siollabas Béarla an litríocht ar son an phléisiúir, an fhoráis phearsanta agus na fiosracha. Léirigh iad bród as scoth na litríochta agus glacadh go bhfuil dua agus dúshlán ag baint le gach ábhar agus téama ag an leibhéal sin ach gur fiú an scáthán seo a sholáthar do dhaltaí atá ag tabhairt faoi shaol neamhspleách.

(Mura mbeadh aon rud eile ann, nach ndeirtear linn anois go bhfuil filíocht agus amhráin de ghlanmheabhair go hiontach do dhaoine amach sna blianta a dtagann scaipeadh beag ar a meabhair!) Caitheann na daltaí Béarla sé huairé agus deich nóiméad ag scríobh agus na daltaí Gaeilge beagnach sé huairé (5.55) ag scríobh agus ag éisteacht (c.45n). Má theastaigh aon argóint eile faoin measúnú leanúnach, is leor an phurgadóir sin! Tá an meas a léirítear don litríocht agus do na húdair le brath ar an bpáipéar Béarla ar fad. Ní bhraitheann tú aon áit ar an bpáipéar Gaeilge go bhfuil scóip ag an dalta an litríocht a shealbhú agus ceisteanna maide aiseolais agus tuairisciú is coitianta.

Páipéar a hAon na Gaeilge (160) – Aiste, scéal, óráid, díospóireacht 500-600 focal ar ábhar amháin i.e. aois na nua-theicneolaíochta, alcól agus drugaí, fadhbanna móra in Éirinn, scéalta móra an lae inniu, buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an taisteal, agus an coup de grâce, staid na Gaeilge faoi láthair! Ar rith an rud céanna leatsa agus a rith liomsa – go mbeadh chuile cheann acu sin ullmhaithe roimh ré ag na ‘deá-mhúinteoirí’ agus go mba chick-lit a bheadh i Peig Sayers ina ndiaidh. Screen Shot 2015-06-11 at 00.54.04

Cuimhnigh ar na créatúir a bhfuil múinteoir idéalach éigin ag iarraidh iad a mhisniú chun na Gaeilge le spraoi agus pléaráca sa chlub Gaelach agus iad ansin sa rang Gaeilge ag breathnú ar Chonchúir Ó Giollagáin agus Joe McHugh ag troid faoi shocrúithe na sochraide.

Ar an bpáipéar Béarla, tá ceangal idir ceapadóireacht an dalta agus na saothair atá ar an gcúrsa, rud a thugann adhmaid don dalta lena chuid argóintí a thógáil go teann i suíomh mínormálta halla na scrúduithe, más sin a mhian. Ní luaitear líon focal mar adhastar ná mar bhagairt ar an bpáipéar Béarla.

Páipéar a hAon an Bhéarla (200 marc) – Trí pháosa ‘edited text’ ó bheirt údar próis aitheanta agus amhránaí agus trí cheist le freagairt ar phéire acu. Rinneadh go leor cainte sna meáin faoi pháosa Bono ach thaitin a chuid idéalachais go mór liom féin mar in áit cur síos ar fhadhb, cuireadh chun gnímh a bhí ann a d’fheilfeadh meanma daoine óga. Cur síos meanmnach ó Penelope Lively ar an tseanaois óna taobh féin de, agus an fhadhb le scéalta sí in aois seo an CTTV le Joanna Briscoe an péire eile.

Sna ceisteanna ar na sleachta seo is mó a bhuaileann an fhaillí ar litríocht na Gaeilge arís thú – mar ní aiseolas díreach ón téacs atá ag teastáil ach léiriú leathan ar litríocht agus cumhacht an phinn agus an fhocail chuí.

Tá ort alt comhairle a scríobh ansin do dhaoine óga faoin seánra scríbhneoireachta is rogha leat féin. Tá aiste ann faoin Saol in Éirinn in 2015 ach is taistealaí ama meabhrach ón ré atá thart nó atá le theacht an reacaire. Tábhacht an ghrá – cead agat a bheith spráúil nó dáiríre – tús áite arís ag an gcruthaitheacht.

Páipéar a 2 an Bhéarla (200 marc). The Great Gatsby, Never Let Me Go, All My Sons, Othello, Pride and Prejudice an rogha. Ceist: Tugann Ishiguro misneach dúinn agus cuireann sé as dúinn mar tá nádúr an duine chomh láidir sin i saol a chuid clón. Ansin ceist chuimsitheach dhúshlánach a éilíonn freagra pearsanta agus neart fianaise ar thrí théacs eile sa staidéar comparáideach nó ceist ar sheánraí éagsúla litríochta agus na teicnící éagsúla a mbaintear leas astu.

Tá dán nach raibh ar an gcúrsa ansin agat chomh maith le ceist ghinearálta ar shaothar file amháin as an gceathrar atá ar an bpáipéar. Ceist leathan dá leithéid seo: ‘Is éifeachtach mar a mheabhraíonn friotal an fhile dúinn an dáimh atá aici le daoine eile. Pléigh é sin maidir lena saothar filíochta agus sleachta as a cuid filíochta mar thaca le do fhreagraí’.

Páipéar a 2 sa Ghaeilge (200 marc). Dhá Thriail Tuisceana ('bunaithe ar fhoinsí éagsúla' ach gan údar luaite), ceann faoin One Young World agus ceann faoi Dhaoine Gan Dídean (a thosaíonn le Cyber Monday ar mhaithe le bheith ógchairdiúil!). Tá dhá cheann déag de cheisteanna tura aiseolais gan chruthaitheacht ar na píosáí i stíl thur pháipéir ghlasa Rialtais.

Thíos ag an mbun, bhuaile gramadach le duine éigin agus buaileadh isteach ceist faoin mbriathar saor san aimsir chaite agus san aimsir fháistineach a aimsiú i bparagraif ar leith. Ná téigh á gcuardach – fuarthas agus ardófar atá i gceist – is dóigh gur cuireadh ansin iad le breith ar an gcainteoir dúchais líofa bocht gur frítheadh a chuala sé ag baile agus sa scoil! Focal firinsneach agus sampla den aimsir láithreach i gceist B! Tá carraig eile sa gceist dheiridh, áit a bhfuil ceist faoi chineál scríbhneoireachta an ailt seo – ní mé an nglacfaí le spadánta, tur agus seasc mar fhreagra.

Is léir mímhúinín an chigire féin mar cuireann sé genre i mBéarla i lúibíní i ndiaidh cineál! Is trua nár úsáid sé an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge ag www.focloir.ie chun an bhearna ina chuid Gaeilge a thógáil. Ansin a thagann buille maraithe mhuc na litríochta agus anam na teanga nuair a fhaighimid ceisteanna gearra seanchaite aiseolais ar shaothar cruthaitheach na Gaeilge. Tá codarsnacht idir dhá thuiscint ar an bpósadh sa dán 'Colscaradh'? Cad é an mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin? Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile. Is leor pointe amháin eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra an chomhairle is minice ar an litríocht seo ar fhaitíos na timpiste go mbuailfeadh aon spleodar anailíse ná cruthaitheachta thú. Dán amháin, ar ndóigh, atá i gceist le saothar an fhile agus é scríofa go bródúil os do chomhair amach! Nach ait nach dteastaíonn frapa ar bith ón scoláire ceannann céanna sa Bhéarla?

An bhfuil sé de mhisneach agat an sceanairt a rinneadh ar an bprós a chloisteáil?

Sliocht thart ar 40 leathanach as ceann de shé shaothar – An Triail, A Thig ná Tit Orm, Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne, Gafa agus Canary Wharf. Masla don údar agus míthuiscint iomlán ar an léamh agus an chruthaitheacht. Seo sampla de cheist bhreá litríochta do dhuine óg Gaeltachta – cainteoir dúchais ar chum a mhuintir amhráin is véarsaíocht agus a bhfuil amhráin mhóra na tíre ar bharr a ngoib acu – Ceol agus an chaid an dá chaitheamh aimsire ab fhearr le Maidhc Dainín. Cuntas réamhréithe ar thús an leabhair spéisiúil spleodraigh sin gan úinéireacht ná anailís á éileamh ar litríocht ná ort féin.

Aidhm an tsiollabais seo dar leis an Roinn?

'Meon dearfach i leith na teanga a chothú sna scoláirí, ag cur san áireamh gurbh fhéidir gurb í an Ghaeilge san Ardteistiméireacht an teagmháil fhoirmiúil dheiridh a dhéanfadh formhór na scoláirí leis an teanga'.

Céard faoin nGaeltacht agus a pobal? Ní haon iontas go n-iarrtar ar dhaltaí cárta poist ó chúrsa Gaeilge a scríobh! Is léir gur teip atá tuillte aige – tá an cur chuige diúltach agus tá an bonn atá faoi bréagach. Tá an bonn atá faoi bréagach mar go bhfuil sé dírithe go hiomlán ar fhoghlaimeoirí agus go gcaitear leis an nGaeilge mar dhara teanga, mar phidsean, agus thar aon rud eile, mar nach dtuigeann lucht a cheaptha go bhfuil litríocht i nGaeilge atá ar comhchaighdeán le litríocht an domhain agus go bhfuil daltaí cumasacha in ann déileáil léi ach é sin a éileamh orthu.

Ceiltear an saibhreas agus an pléisiúr sin ar dhaltaí na tíre, go háirithe ar chainteoirí dúchais, a bhfuil dearmad glan déanta orthu. Ceiltear na léitheoirí sin ar ár scríbhneoirí. Ní haon iontas nach mian lenár ndéagóirí óga sa Ghaeltacht an Ghaeilge a labhairt – a n-ágóid fhochoinsiasach féin in aghaidh an chuir i gcéill?

3. 'Dá mbeadh spré ag an gCATT' – achrann acrainmneacha.

Tá bua na gontachta sa ghiorrúchán nuair a úsáidtear go tuisceanach is go spárálach é, ach tá acrainmfóibe ag teacht ar ár gcolúnaí bocht. Antain Mac Lochlainn 10/6/15

Tá a leithéid de dhuine ann agus 'niord acrainmneacha', duine a dhallfadh thú le sraitheanna fada litreacha a chuireann ainm eagraíochta nó ball trealaimh éigin in iúl don té atá ar an eolas. Ach an saineolaí féin, ní bhíonn sé i bhfad ag éirí tuirseach de théacs atá breac le giorrúcháin. Is cuma má thugtar an t-ainm iomlán ar an chéad lua, rachadh a leithéid seo sa mhuilleann ar léitheoir ar bith:

Cuireann an REOG (PÉ) agus an RCEF (TÉ) maoiniú ar fáil don FT, i.e. FnaG agus an Ghníomhaireacht Ultaise, de réir buiséid atá ceadaithe ag an CATT.

Líne as seanamhrán a rith liomsa i ndiaidh an abairt thuas a léamh – 'dá mbeadh spré ag an gCATT.' Tá barúil agam nach í sin an teachtaireacht a bhí ar intinn an údair.

Is amhlaidh atá a acrainm íorónta féin ar an drochnós seo: EUA (Excessive Use of Acronyms). Fiú amháin go bhfuil mí-ord leathmhagúil síceolaíochta ann: acrainmfóibe. Ar eagla na míthuisceana, níl gaol ar bith aige seo le 'aracnafóibe' nó uamhan damhán alla (UDA).

Tá bua na gontachta sa ghiorrúchán nuair a úsáidtear go tuisceanach is go spárálach é, ach ní furasta do lucht na Gaeilge sin a dhéanamh gan dul in abar i seancheisteanna atá dár gcrá le fada. Ar cheart, cuir i gcás, litreacha Gaeilge a chur in áit na litreacha Béarla? An 'Ró-Úsáid Acrainmneacha' (RÚA) ba cheart a thabhairt ar an ghalair a luaigh mé thuas? Le magadh a cheap mise 'UDA' mar ghiorrúchán ar 'uamhan damhán alla', ach ní hannamh a bhíonn áiféis agus athbhrí ag baint le giorrúcháin a aistriú go Gaeilge.

A leithéid seo:

Local Management of Schools (LMS)/Bainistíocht Áitiúil Scoileanna (BÁS)
Education and Training Board (ETB)/Bord Oideachais agus Oilíúna (BOO)
Special Protection Areas and Special Areas of Conservation (SPAs and SACs)/Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna agus LCSanna)

Ní maise ar ghiorrúcháin áirithe an mhír '(a)nna' a chur leo san uimhir iolra: más ait leat 'BOO' is measa 'BOOnna.' 'Is mór le rá iad buanna BOOnna na Mumhan' – sin abairt nach bhfuil mé ag iarraidh a fheiceáil choíche.

Cor eile sa scéal an treoir éigialta atá sa Caighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe (COA) a achtaíonn ar scríbhneoirí plé le giorrúcháin ar theidil eagraíochtaí amhail is gur ainmfhocail chinnte iad agus gan an t-alt a chur leo choíche. Agus cúrsaí an Aontais Eorpaigh á bplé, bheadh ar iriseoirí 'in AE' agus 'reachtaíocht AE' a scríobh in áit 'san AE' agus 'reachtaíocht an AE'.

Is dócha go gcuirfeadh i leith Gearóid Mhic Ádhaimh gur 'ball IRA' a bhí ann, seachas 'ball den IRA.' Mo dhúshlán fút smaoinemh ar threoir a bheadh chomh mór sin bunoscionn le gnás na Gaeilge. B'fhéidir le Dia go bhfágfar ar lár é sa COAA (Caighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe Athbhreithnithe).

4. Ní bhfuair Christy O' Connor deis riamh imirt san Augusta Masters, ach d'imir sé in aghaidh phlúir ghalfairí SAM

Bhuaigh sé na déaga de na comórtais ghairmiúla gailf ba mhó a bhí sa tír seo agus sa mBreatain agus ba é a thug leis an duais ba mhó a tairgeadh sa spórt go dtí sin nuair a bhuaigh sé an John Player Classic. Mártan Ó Ciardha 12/6/15

I bpobalbhreith ag tús na bliana seo vótáil léitheoirí an nuachtáin an Curadh Connachtach go mba é Christy O' Connor Senior an laoch spóirt is mó le rá de chuid na Gaillimhe atá fós ina bheatha. Faraor, nuair a tháinig oíche an bhronnta ní raibh an Conchubhaireach in ann a bheith i láthair, mar go raibh iarraidh de shlaghdán air agus nach mór dó aire a thabhairt dó féin anois agus na ceithre scór go leith caite aige. Ba bheag an t-achar a ghlac sé ar a mbunáite siúd a léirigh a dtuairim sa bpobalbhreith a rogha a dhéanamh, déarfainn.

Nuair a bhí Christy i mbarr a réime sa leath deireanach den chéad seo caite, ba bheag tír a raibh níos mó ná stáisiún teilifíse amháin inti agus ba lú ná sin spóirt a bhí á spáint acu. Cheadaigh nuachtáin trí leathanach ar a mhéid don ábhar – ceann acu sin ag rásaíocht capall faoi féin, níos minicí ná a chéile.

Fós, bhí aithne leitheadach ar Christy O' Connor ní amháin ina thír dhúchais agus sa mBreatain, ach freisin sna Stáit Aontaithe, mar gur imir sé in aghaidh phlúir ghalfairí na tíre sin deich n-uaire as a chéile i gCorn Ryder agus ar son na hÉireann i gCorn Domhanda an Ghailf cúig huaire lena chois sin. Bhuaigh sé na déaga de na comórtais ghairmiúla gailf ba mhó a bhí sa tír seo agus sa mBreatain ag an am agus ba é a thug leis an duais ba mhó a tairgeadh sa spóirt go dtí sin nuair a bhuaigh sé an John Player Classic agus £25,000 sa mbliain 1970 (£5,000 a fuair buaiteoir Chraobh Oscailte na Breataine an bhliain sin).

Is minic ráite ag Christy gur de thimpiste den chuid ba mhó a ghlac sé an bóthar a thaistil sé. Murach go raibh garraí a bhí ag a athair Michael (feiliméara beag agus Gaeilgeoir ó dhúchas) in aice na céad phlósóige ar Ghalfchúrsa na Gaillimhe, tá seans gur ar chamán, ar shluasaid nó ar lál a bhéarfadh sé, ach cé go ndearna sé sin freisin ba faisean leis, lena dhearthair John agus le cúpla comharsa dá gcuid i gCnoc na Cathrach, an clái a chaitheamh de léim agus beagán imeartha a dhéanamh 'ar chúl téarmaí' ar an gcuid sin den chúrsa nach raibh aon fheiceáil air as an gclubtheach.

Lucht gustail amháin a bhíodh ag plé leis an ngalf ag an am, ach bhí sé d'ádh freisin ar Christy gur thug an galtaire gairmiúil a bhí i nGaillimh ag an am, Pat Quinn, cumas an ógánaigh faoi deara agus gur chuir sé trealamh agus maidí ina bhealach nuair a d'fhág siad siúd a bhí acmhainneach na seanchinn adhmaid ina ndiaidh agus nuair a chuaigh siad ag plé leis an maide cruaiche. Galtaire gairmiúil darbh ainm Bob Wallace a tháinig i gcomharbacht ar Quinn agus thug seisean cuireadh den Chonchubhaireach a bheith mar chúntóir aige.

Cé go raibh fanacht cúpla bliain air sula bhfuair sé cead imeartha i gcomórtais Chumainn Ghalfairí Gairmiúla na hÉireann (I.P.G.A.) agus na Breataine mar go ndearna an Bhailíseach dearmad a ainm a chlárú leo, bhí tús curtha ag Christy lena ghairm bheatha. Bhí sé aistrithe chuig Galf Chumann Thuama faoin am a dtáinig an cead imeartha agus i 1951 bhailigh na baill ansiúd £70 eatarthu lena chur go Port Rois, áit a raibh Craobh Oscailte na Breataine ar bun. Sa 19ú háit a chríochnaigh sé agus fuair sé £19. Ní raibh aon stopadh air as sin amach. Chuaigh sé as Tuaim go Bun Dobhráin, áit ar mháistrigh sé a cheird agus an doineann a shéideann isteach ansiúd ón Atlantach mar chabhair aige ina phrintíseacht.

Lá dá raibh, bhí Christy agus triúr galfairí aimitéireacha den scoth ag imirt an 13ú poll i mBun Domhráin (Par 3, 235 slat) nuair a d'fhiafraigh duine de na haimitéirigh den Chonchubhaireach cén maide a bhuaill sé den tí. "Uimhir 4", a deir Christy. "M'anam gur Uimhir 5 a bhuaill mise", a deir mo dhuine, ag tabhairt le tuiscint go mba mhó de ghaisce a bhí déanta aige féin! Leag Christy uaidh an mála. Ceann ar cheann thóg sé aníos gach a raibh de mhaidí ann, an 'putter' san áireamh agus murar thuirling an buille a bhuaill sé ar an bplásóg, ní i bhfad uaidh a bhí sé!

Bhí O' Connor sa dara háit i gCraobh Oscailte na Breataine i 1965 nuair a bhuaigh an tAstrálach Peter Thompson i Birkdale. D'imir sé sa gcomórtas sin 26 uair ar fad agus bhí sé le n-áireamh ar an deichniúr ab fhearr a rinne 8 n-uaire acu. Bhí Harry Bradshaw mar chomrádaí aige nuair a bhuaigh Éire an Corn Domhanda sa nGalf i 1958. As féin bhuaigh sé na déaga arda de mhórchomórtais agus Craobh Gairmiúil a thír dhúchais deich n-uaire.

Ní bhfuair fear Chnoc na Cathrach deis riamh imirt san Augusta Masters, comórtas a bhuaigh Gary Player, Arnold Palmer agus Jack Nicklaus dosaen uair eatarthu nuair a bhí Christy i mbarr a réime. Ach, de bharr an Choirn Ryder, bhí aithne mhaith acu ar a chéile agus i 1991 nuair a hosclaíodh cúrsa Mount Juliet tugadh Nicklaus anall go n-imreodh sé fhéin agus Ó Conchubhair a chéile i gcluiche taispeántais. Beagán le cois an leathchéid a bhí an Meiriceánach, Christy i bhfoisceacht 3 bliana den trí scór go leith. Nuair a chríochnaigh an imirt, is é an scéala a bhí ag clár an scóir. O' Connor 72, Nicklaus 74.

- Éist leis na tuairimí a bhí ag gach grúpa. Ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú ag deireadh na gníomhaíochta.
- Scaip **Bileog 10.2b** ar gach beirt agus abair leo an t-alt ó www.tuairisc.ie a léamh ina mbeirteanna uair amháin. Téigh siar ar aon fhocal nach bhfuil ar eolas acu.
- *An preas – Léamh:* Mínigh don rang go gcaithfidh siad ceannlínte a scríobh do gach alt sa téacs ach nach dtig leo dul thar chúig fhocal. Éist leis na ceannlínte ar fad agus déanaigí plé ar na cinn is fearr a cumadh.
- *An preas – Plé:* Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar agus abair leo na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh thusa na ceisteanna leis an rang ar fad agus ceartaigh aon bhotún a chloisfidh tú.
- *An preas – Teanga:* Tabhair deis do gach beirt na comhfhocail ón alt a bhreacadh síos: **leathbhádóir** agus **cúlbinseoir**. Rialacha: nuair a bhíonn dhá fhocal le chéile cuirtear séimhiú ar an dara focal (seachas i gcás DNTLS). Ní bhíonn fleiscín ann de ghnáth ach má bhíonn feidhm leis, mar shampla – réamh-mheastachán – mar tá **mh** agus **mh** le chéile. Braitheann inscne an chomhfhocail ar an dara focal, mar shampla – sráidbhaile – focal firinscneach é seo mar go bhfuil 'baile' firinscneach.
- Tabhair seans dóibh an líne Bhéarla a aistriú go Gaeilge agus deacracht an aistriúcháin a phlé le chéile. Pléigh thusa an t-aistriúchán agus na tuairimí atá acu faoi chúrsaí aistriúcháin.

Bileog 10.3

- Scaip **Bileog 10.3** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- *An nuacht – Léamh:* Iarr ar gach beirt an sliocht a léamh le chéile agus an fhoirm chúí de na focail 1-10 a chur sna spásanna tugtha.

Freagraí:

1. Ghaeilge – séimhiú ar ainmfhocail/aidiacht a leanann ainmfhocal a chríochnaíonn le consan caol san uimhir iolra
 2. Caithfear – briathar saor, aimsir fháistineach
 3. na Gaeltachta – an tuiséal ginideach
 4. mhór – an modh coinníollach
 5. mholadh – tuiséal tabharthach i gcanúint Uladh
 6. hiarthar – cuirtear 'h' idir dhá ghuta
 7. scéil bhig – an tuiséal ginideach
 8. na heitleáin – an uimhir iolra
 9. bheaga Ghaeltachta - séimhiú ar ainmfhocail/aidiacht a leanann ainmfhocal a chríochnaíonn le consan caol san uimhir iolra.
 10. a bháis – an aidiacht shealbhach agus an tuiséal ginideach.
- *An nuacht – Plé:* Cuir gach triúr ina suí le chéile agus iarr ar na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile.
 - Pléigh thusa na ceisteanna leis an rang ar fad nuair atá píosa maith cainte déanta acu agus ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.
 - *An nuacht – Filíocht:* Abair le gach beirt an dán a léamh le chéile agus ansin léigh thusa an dán leis an rang iomlán.
 - Nuair atá tú sásta go dtuigeann gach duine an dán tabhair deis do gach beirt téama an dáin a phlé le chéile. Abair leo chomh maith plé a dhéanamh ar cad atá ar eolas acu faoin fhile Michael Davitt.

Bileog 10.4

- Scaip **Bileog 10.4** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- *An scannánaíocht – Plé:* Mínigh don rang go mbeidh siad ag féachaint ar mhír ó chlár faisnéise de chuid TG4. Léigh an píosa faoin chlár a bhí sa chlársceideal leo agus léigh na ceisteanna faoi chomh maith. Abair le gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile agus ansin pléigh thusa na ceisteanna le gach duine.
- *An scannánaíocht – Éisteacht:* Iarr ar gach beirt na ceisteanna A-D a dhéanamh le chéile.

Freagraí:

- A. Gearrscannán – Scannán gonta a chuir tús leis an scannánaíocht mar is eol dúinne inniu í. Mhaireadh na scannáin seo idir 20 agus 40 nóiméad de ghnáth.
Stiúradh – an bhainistíocht a bhíonn i gceist le scannán.
Láthair – seo suíomh ar shiúl ón stiúideo a ndéantar an scannán (nó cuid de) ann.
Nuálaí – duine a chuireann tús le stíl nó modh nua i gcúrsaí teicneolaíochta, eolaíochta nó ealaíona.
- B. Ba é Sidney Olcott an chéad stiúrthóir a stiúir scannán taobh amuigh de na Stáit Aontaithe, agus roghnaigh sé láthair i gCiarraí de bharr an cheangail a bhí aige leis an tír.
- C. Tá canúint na Mumhan ag na cainteoirí agus úsáideann siad an fhoirm tháite de na briathra.
- D. Tabhair seans dóibh na frásaí a chur in abairtí.
 - *An teilifís – Plé:* Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar agus iarr orthu na ceisteanna a phlé le chéile. Bí thusa ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Nuair atá tamall maith cainte déanta acu pléigh na ceisteanna le gach duine. Téigh siar ar aon deacracht a bhí acu le linn na gníomhaíochta.
 - **Cleachtadh Breise:** Abair le gach duine a mhachnamh a dhéanamh ar an chúig phíosa is fearr ó na meáin chumarsáide (píosa léitheoireachta / clár ón raidió / clár teilifíse) a chonaic siad nó a léigh siad le seachtain. Abair leo iad a bhreacadh síos. Beidh orthu cur síos a dhéanamh don duine in aice leo ar a bhfaca siad nó a léigh siad agus a rá cén fáth gur thaitin na píosaí áirithe leo. Tabhair seans dóibh ullmhúchán a dhéanamh sula gcuireann tú gach beirt chun cainte le chéile. Ba cheart go mbeidh comhrá agus plé ag an bheirt ar na sleachta nó ar na cláir. Bíodh na struchtúir thíos ag na foghlaimoírí:

- Ceannaím an *Irish Times* beagnach gach lá.
- Ní chaillim an clár *Playback* ar RTÉ riamh.
- Ní cheannaím aon nuachtán Domhnaigh.
- Cé hé eagarthóir na hirise sin faoi láthair?
- Sílim gurb é Seán Ó Coileáin atá ann, ach níl mé cinnte.
- An bhfaigheann siad maoiniú ó aon dream?
- Ní fhaigheann, go bhfios dom.
- Cá bhfuil oifigí an nuachtáin lonnaithe?
- Áit éigin i gConamara.
- An measann tú go bhfuil feabhas tagtha ar *Tuairisc.ie* le tamall anuas?
- An bhfuil mórán spéise agat sna cláir ceoil a bhíonn ar RTÉ Raidió na Gaeltachta?
- Cad a cheapann tú de na cláir ceoil a bhíonn ar Raidió na Life?
- Cad é do bharúil faoi na hirísí *Comhar* agus *Feasta*?
- Sílim gur nuachtán maith atá ann agus taitníonn eagrán an tSathairn go mór liom.
- Bíonn plé iontach ann ar chúrsaí spóirt agus is breá liom na léirmheasanna leabhar.
- Clár den scoth atá ann.
- Tá an-chur amach ag an láithreoir ar chúrsaí ceoil.
- Ní bhíonn mórán scéalta idirnáisiúnta acu.
- Scéalta báis is mó a bhíonn acu.
- Níl mé róthógtha leis an stáisiún. B'fhearr liom dá mbeadh níos mó clár nuachta ann.
- Ní thaitníonn an cineál ceoil a bhíonn ar an chlár liom in aon chor.
- Cuireann na fógraí as go mór dom. Milleann siad na cláir.
- An bhfaca tú an t-alt a bhí sa *Times* ar an Domhnach faoin turasóireacht i gceantar Chonamara?
- Chonaic, is cosúil gur breá leis na Gearmánaigh an ceantar ach deir siad go bhfuil an bia agus an lóistín an-chostasach.